

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 234



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

17 Meitheamh 2022

Clár

II Faisnéis

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2022/C 234/01	Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10743 – TOWERBROOK / GSF) ⁽¹⁾	1
2022/C 234/02	Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10686 — LOV GROUP / BETCLIC EVEREST GROUP) ⁽¹⁾	2
2022/C 234/03	Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10731 – APOLLO MANAGEMENT / PRIMAFRIO) ⁽¹⁾	3

IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2022/C 234/04	Rátaí malairte an euro — 16 Meitheamh 2022	4
---------------	--	---

V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2022/C 234/05	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10560 - SIKA / MBCC GROUP) ⁽¹⁾	5
---------------	--	---

GA

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

2022/C 234/06	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10649 – PKN ORLEN / NORMBENZ / SELECTED HUNGARIAN AND SLOVAK ASSETS OF MOL) ⁽¹⁾	7
GNÍOMHARTHA EILE		
An Coimisiún Eorpach		
2022/C 234/07	Foilsíú an doiciméid aonair leasaithe i ndiaidh formheas mionleasaithe de bhun an dara fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012	9
2022/C 234/08	Foilsíú iarratas ar cheadú leasaithe, nach mionleasú é, ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus earraí bia	14
2022/C 234/09	Foilsíú an doiciméid aonair leasaithe tar éis mionleasú a fhorghnó de bhun an dara fomhír d'Airteagal 53 (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012	24

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Faisnéis)*FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**(Cás M.10743 – TOWERBROOK / GSF)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 234/01)

An 8 Meitheamh 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhu go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾. Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

- i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin “mBeartas iomaíochta” atá ag an gCoimisiún (<http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/>). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,
- i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en>) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10743. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi
(Cás M.10686 — LOV GROUP / BETCLIC EVEREST GROUP)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 234/02)

An 10 Meitheamh 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhu go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾. Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

- i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin “mBeartas iomaíochta” atá ag an gCoimisiún (<http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/>). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,
- i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en>) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10686. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi
(Cás M.10731 – APOLLO MANAGEMENT / PRIMAFRIO)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 234/03)

An 10 Meitheamh 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhu go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾. Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

- i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin “mBeartas iomaíochta” atá ag an gCoimisiún (<http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/>). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,
- i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en>) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10731. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro ⁽¹⁾

16 Meitheamh 2022

(2022/C 234/04)

1 euro =

Airgeadra			Ráta malairte		
Airgeadra			Ráta malairte		
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,0400	CAD	dollar Cheanada	1,3446
JPY	yen na Seapáine	138,24	HKD	dollar Hong Cong	8,1638
DKK	krone na Danmhairge	7,4386	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,6608
GBP	punt steirling	0,85550	SGD	dollar Shingeapór	1,4451
SEK	krona na Sualainne	10,6942	KRW	won na Cóiré Theas	1 346,88
CHF	franc na hEilvéise	1,0142	ZAR	rand na hAfraice Theas	16,6052
ISK	króna na hÍoslainne	137,50	CNY	renminbi-yuan na Síne	6,9844
NOK	krone na hIorua	10,4588	HRK	kuna na Cróite	7,5245
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	IDR	rupiah na hIndinéise	15 427,31
CZK	koruna Phoblacht na Seice	24,742	MYR	ringgit na Malaeisia	4,5786
HUF	forint na hUngáire	398,10	PHP	peso na nOileán Filipíneach	55,700
PLN	zloty na Polainne	4,7138	RUB	rúbal na Rúise	
RON	leu na Rómáine	4,9443	THB	baht na Téalainne	36,566
TRY	lira na Tuirce	18,0126	BRL	real na Brasaíle	5,2559
AUD	dollar na hAstráile	1,4939	MXN	peso Mheicsiceo	21,4115
			INR	rúipí na hIndia	81,1945

⁽¹⁾ Foinse: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A
CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.10560 - SIKA / MBCC GROUP)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 234/05)

1. An 7 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

- Sika International AG (“Sika”, an Eilvéis), fochuideachta 100 % de chuid Sika AG (“Sika AG”, an Eilvéis);
- LSF11 Skyscraper Holdco S.à.r.l. (“MBCC”, Lucsamburg), máthairchuideachta deiridh MBCC Group.

Gheobhaidh Sika rialú ar MBCC ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- i gcás Sika: grúpa atá gníomhach i bhforbairt, i dtáirgeadh agus i soláthar meascán ceimiceach, moirtéal, séaltán agus greamachán, ábhar maolaithe agus treisithe, córais neartaithe struchtúracha, urlár tionsclaíoch chomh maith le córais dín agus uisce dhíonta a úsáidtear san earnáil tógála agus ag na tionscail déantúsaíochta, ar an leibhéal domhanda,
- i gcás MBCC: grúpa ina bhfuil dhá aonad gnó atá gníomhach ar an leibhéal domhanda, eadhon (i) “meascáin cheimiceacha”, a sholáthraíonn réitigh do chustaiméirí sna tionscail déantúsaíochta coincreíte, stroighne agus tógála faoi thalamh, agus (ii) “córais tógála”, a chuireann réitigh ar fáil chun foirgnimh agus struchtúir a chosaint agus a dheisiú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.10560 - SIKA / MBCC GROUP

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**(Cás M.10649 – PKN ORLEN / NORMBENZ / SELECTED HUNGARIAN AND SLOVAK ASSETS OF MOL)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 234/06)

1. An 10 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

- Polski Koncern Naftowy ORLEN S.A. (“PKN ORLEN”, an Pholainn),
- Normbenz Magyarország Kft. (“Normbenz”, an Ungáir),
- Sócmhainní áirithe san Ungáir agus sa tSlóvaic atá á rialú ag MOL Magyar Olaj- és Gázipari Nyrt. faoi láthair (“MOL”, an Ungáir).
- Gheobhaidh PKN Orlen urlámhas aonair ar Normbenz ina iomláine agus ar shócmhainní áirithe san Ungáir agus sa tSlóvaic atá á rialú ag MOL faoi láthair de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.
- Is trí cheannach scaireanna agus sócmhainní atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is é PKN ORLEN máthairghnóthas ORLEN Group, ar fiontar ilfhóntais comhtháite é atá gníomhach san Eoraip Láir agus i gCeanada i scagadh ola, agus táirgeadh bithbhreoslaí, táirgeadh peitricímiceán, táirgeadh leictreachais, mórdhíol agus miondhíol breoslaí, miondhíol earraí pacáistithe do thomhaltóirí, mar aon le heastóscadh peitríliam agus gáis nádúrtha,
- Oibríonn Normbenz stáisiún seirbhíse san Ungáir faoi bhranda Lukoil,
- Tugtar le chéile leis na sócmhainní áirithe san Ungáir agus sa tSlóvaic atá á rialú ag MOL faoi láthair sócmhainní arb iad is bonn le hoibriú stáisiún seirbhíse san Ungáir agus sa tSlóvaic.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10649 – PKN ORLEN / NORMBENZ / SELECTED HUNGARIAN AND SLOVAK ASSETS OF MOL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsíú an doiciméid aonair leasaithe i ndiaidh formheas mionleasaithe de bhun an dara fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012

(2022/C 234/07)

D'fhormheas an Coimisiún an mionleasú seo i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

Is féidir an t-iarratas ar fhormheas an mhionleasaithe seo a cheadú i mbunachar sonraí eAmbrosia de chuid an Choimisiúin.

DOICIMÉAD AONAIR

“Roquefort”

Uimh. AE: PDO-FR-0131-AM05 – 18.2.2022

STFC (X) TGFC ()

1. Ainm(neacha)

“Roquefort”

2. Ballstát nó tríú tír

An Fhrainc

3. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra

3.1. An cineál táirge

Aicme 1.3. Cáiseanna

3.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)

Is cáis ghormfhéitheach é “Roquefort” a ullmhaítear agus a tháirgtear go heisiach ó bhainne caorach amh iomlán i gcomhréir le cleachtais áitiúla chóra thraidisiúnta.

Sula mbrúitear í, is éard atá sa cháis amh, agus í saothraithe le spóir de *Penicillium roqueforti*, coipthe agus saille agus craiceann tais uirthi, íosmhéid 52 g saill in aghaidh gach 100 g d'ábhar tirim agus íosmhéid 55 g saill in aghaidh gach 100 g de cháis aibithe.

Tá an cháis sorcóireach, agus trastomhas de 19-20 cm agus airde de 8.5-11.5 cm inti agus meánn sí 2.5-3 kg.

Bíonn an taos mín agus dlúth, agus féithe glasa-gorma cothroma ann chomh maithe le dea-bholadh suaithinseach le boladh beag múscaín, agus blas láidir agus fíneálta.

Déantar an cháis a aibiú ar feadh 90 lá ar a laghad ó dháta a monaraithe.

3.3. Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhióch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)

Tagann an bainne a úsáidtear ó chaoirigh déirithe de phór Lacauene.

⁽¹⁾ IO L 179, 19.6.2014, lch. 17.

Tógtar na caoirigh ar bhealach traidisiúnta le haiste bia atá bunaithe ar fhéar, fodar agus gránaigh, agus ón méid sin ba cheart do thrí cheathrú ar a laghad de réir ábhair thirim de teacht ón limistéar táirgthe geografach.

Gan beann ar a thionscnamh, ní sháróidh beatha a cheannaítear lasmuigh den fheirm, seachas beatha thuí agus shainmheilte nó a macasamhail, ach lena n-áirítear fodar, gránach agus beatha bhreise, atá beartaithe le haghaidh caorach agus uain ionadaithe, in aghaidh an tréada agus in aghaidh na bliana, meán de 200 kg d'ábhar tirim in aghaidh na caorach déiríochta atá i láthair ar an bhfeirm.

Ní gá go dtiocfaidh an bheatha go léir, go háirithe an bheatha bhreise, ón limistéar geografach, toisc nach bhfuil mórán talún ann atá oiriúnach do bharraí, agus cuireann na dálaí aeráide, le triomaigh rialta i rith an tsamhraidh, srian ar a dtáirgeadh.

Nuair a bhíonn féar ar fáil, bíonn innilt laethúil éigeantach a luaithe is féidir, de réir na haimsire.

Le linn na tréimhse stáblaíochta, is éard atá sa chiondail laethúil aonair aon chileagram amháin d'ábhar féir thirim ar an meán don tréad uile.

3.4. Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe

Tarlaíonn na céimeanna uile, idir tháirgeadh bainne agus aibiú cáise, sa limistéar geografach.

Déantar an cháis a aibiú sna pluaisianna atá suite i scileach shliabh Combalou (bardas Roquefort-sur-Soulzon), arna sainiú le breithiúnas Chúirt Réigiúnach Millau an 12 Iúil 1961.

I ndiaidh na gcéimeanna tosaigh aibithe, is i mbardas Roquefort-sur-Soulzon go heisiach a tharlaíonn an aibiú deiridh.

3.5. Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe

Ceadaítear “Roquefort” a ghearradh.

Stóráiltear an cháis sula ndéantar í a phacáistiú, a ghearradh, a réamhphacáil agus a phacáil agus is i mbardas Roquefort-sur-Soulzon go heisiach a thugtar faoi na céimeanna sin ar na cúiseanna a leanas:

- Chun sláine “Roquefort” a ráthú, agus na coinníollacha aibithe maidir leis an gcáis i mbardas Roquefort-sur-Soulzon ag íostocht -5 °C á gcur san áireamh, tá sé rithábachtach go ngearrfar agus go bpacálfar é sula seolfar é agus aird ar leith á tabhairt ar an slabhra fuar a choinneáil ar bun trí athrú tobann ar bith i dteocht cháis “Roquefort” a sheachaint, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le meath an táirge.
- Is trí phacáistiú na cáise a dhéanamh chomh tapa agus is féidir i ndiaidh di na seomraí teochtrialaithe a fhágáil amháin a dhéantar na hairíonna fisiceacha agus orgánaileipteacha “Roquefort” a choinneáil ó aibiú, go dtí go sroichfidh an cháis an tomhaltóir. Chun an aidhm sin a bhaint amach, tá na saoráidí pacáistithe suite sa bhordas céanna ina bhfuil na seomraí teochtrialaithe. Is táirge sobhraste í cáis “Roquefort” a aibíonn go han-mhall sa dorchadas. Nuair atá sí aibí agus dá bhrí sin réidh lena caitheamh, ní féidir leis an gcáis ach láimhsiú teoranta a sheasamh ag foireann a bhfuil eolas sonracha aici faoin táirge chun é a phacáistiú chomh tapa agus is féidir, chun baol dihiodrátithe, ocsaídithe agus dath mínormálta a sheachaint.
- Chun sábháilteacht mhicribhitheolaíoch “Roquefort” a ráthú go dtí go sroicheann sé an tomhaltóir, tá sé tábhachtach gur féidir an cháis a rianú agus a sheiceáil i rith chéimeanna gearrtháin, pacáistithe, réamhphacála agus pacála an táirge deiridh atá réidh don tomhaltóir tríd an gcomhartha sainitheantais do gach baice táirgthe (arna mharcáil ar bharr na cáise) a úsáid. Tá gá le sainiúlachtaí sonracha i dtaca leis na céimeanna sin agus bíonn éifeacht dhíreach acu ar cháilíocht na cáise seo ó bhainne amh.

Níl feidhm ag na rialacha i dtaca le gearradh agus pacáistiú a leagtar amach thuas maidir le siopaí a ghearrann cáis arna iarraidh sin ag tomhaltóirí nó a ghearrann nó a phacáistíonn cáis le haghaidh díolacháin díriú de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh 1169/2011 an 25 Deireadh Fómhair 2011.

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an tairge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Chomh maith leis na sonraí sainordaitheacha arna leagadh síos sna rialacha i dtaca le lipéadú agus le cur i láthair earraí bia, bíonn an méid a leanas ar phacáistiú cháis “Roquefort”, is cuma an bhfuil sí á margú ina hiomláine nó gearrtha:

- ainm sonrúcháin tionscnaimh “Roquefort” scríofa i gcarachtair atá dhá thrian de mhéid na gcarachtair is mó ar an lipéad ar a laghad;
- sa raon radhairc chéanna, siombail STFC an Aontais Eorpaigh.

Bíonn an fhaisnéis seo ar na cliathbhoscaí nó ar an bpacáistiú eile ina bhfuil na cáiseanna.

Ar an lipéad freisin bíonn trádmharc roinnte ghrúpa an iarratasóra, ar a dtugtar “Brebis Rouge” [caora dhearg]. Ar na lipéid sin ar a dtaispeántar siombail STFC agus í daite, bíonn an trádmharc roinnte daite freisin; ar na lipéid sin ar a dtaispeántar siombail STFC i ndubh agus bán nó i gclaonchló, bíonn an trádmharc roinnte i ndubh agus bán nó i gclaonchló freisin.

Cé is moite den trádmharc roinnte agus marcanna trádála agus monaraíochta nó siombailí agus ainmneacha corparáideacha speisialta eile, ní ceadmhach ainm “Roquefort” a cháiliú nó focail ar bith eile a chur leis ar an lipéadú, ar an bhfógraíocht, sa chumarsáid, ar na sonraisc nó sna doiciméid tráchtála.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Roinn L'Aude:

Bardais Belpech*, Brousses-et-Villaret, Castans, Caudebronde, Cenne-Monestiés, Cuxac-Cabardès, Fanjeaux*, Fontiers-Cabardès, Fraisse-Cabardès, Labastide-Esparbairénque, Lacombe, Laprade, Lespinassière, Les Martyrs, Mas-Cabardès, Mayreville, Miraval-Cabardès, Montolieu, Pradelles-Cabardès, Roquefère, Saint-Denis, Saissac, La Tourette-Cabardès, Verdun-en-Lauragais, Villardonnel, Villemagne.

Roinn Aveyron:

Cantúin Causse-Comtal, Causses-Rougiers, Ceor-Ségala, Millau-1, Millau-2, Monts du Réquistanais, Nord-Lézou, Rasper et Lévezou, Rodez-2, Rodez-Onet, Vallon, Saint-Affrique, Tarn agus Causses.

Bardais Les Albres, Anglars-Saint-Félix, Asprières, Auzits, Le Bas Ségala, Belcastel, Bertholène, Bessuéjols, Bor-et-Bar, Bournazel, Brandonnet, La Capelle-Bleys, Castelmarty, Castelnau-de-Mandailles*, Compolibat, Conques-en-Rouergue*, Crespin, Drulhe, Escandolières, Espalion, La Fouillade, Gaillac-d'Aveyron, Gagan, Goutrens, Laissac-Sévérac l'Eglise, Lanuéjols, Lassouts, Lescure-Jaoul, Lugan, Lunac, Maleville, Mayran, Millau, Montbazens, Morlhon-le-Haut, Najac, Palmas d'Aveyron, Peyrusse-le-Roc, Pierrefiche, Pomayrols, Prades-d'Aubrac*, Prévinières, Privezac, Rieupeyroux, Rignac, Rodez, Roussennac, Saint-André-de-Najac, Saint-Côme-d'Olt, Saint Geniez d'Olt et d'Aubrac, Sainte-Eulalie-d'Olt, La Salvetat-Peyralès, Sanvensa, Sébazac, Sonnac, Tayrac, Valzergues, Vaureilles, Villecomtal, Vimenet.

Roinn Le Gard:

Bardais Alzon, Blandas, Campestre-et-Luc, Causse-Bégon, Dourbies, Lanuéjols, Montdardier, Revens, Rogues, Saint-Sauveur-Camprieu, Trèves, Vissec.

Roinn L'Hérault:

Bardais Les Aires, Avène, Bédarieux, Le Bousquet-d'Orb, Brenas, Cambon-et-Salvergues, Camplong, Carlencas-et-Levas, Cassagnoles, Castanet-le-Haut, Le Caylar, Ceilhes-et-Rocozels, Colombières-sur-Orb, Combes, Courniou, Le Cros, Dio-et-Valquières, Ferrals-les-Montagnes, Fraisse-sur-Agout, Graissessac, Hérépien, Joncels, Lamalou-les-Bains, Lauroux, Lavalette, Liausson, Lodève, Lunas, Mérifons, Mons, Mourèze, Octon, Olargues, Olmet-et-Villecun, Pégairolles-de-l'Escalette, Pézènes-les-Mines, Les Plans, Le Poujol-sur-Orb, Le Pradal, Prémian, Le Puech, Riols, Les Rives, Romiguières, Roqueredonde, Rosis, Saint-Étienne-d'Albagnan, Saint-Étienne-Estréchoux, Saint-Félix-de-l'Héras, Saint-Geniès-de-Varensal, Saint-Gervais-sur-Mare, Saint-Julien, Saint-Martin-de-l'Arçon, Saint-Maurice-Navacelles, Saint-Michel, Saint-Pierre-de-la-Fage, Saint-Pons-de-Thomières, Saint-Vincent-d'Olargues, Salasc, La Salvetat-sur-Agout, Sorbs, Le Soulié, Taussac-la-Billière, La Tour-sur-Orb, La Vacquerie-et-Saint-Martin-de-Castries, Valmascle, Verreries-de-Moussans, Vieussan, Villemagne-l'Argentière.

Roinn Lozère:

Cantún Chirac.

Bardais Allenc, Badaroux, Banassac-Canilhac, Les Bondons, Brenoux, La Canourgue, Cans et Cévennes*, Chadenet, Chanac, Florac Trois Rivières*, Fraissinet-de-Fourques, Gatuzières, Gorges du Tarn Causses, Les Hermaux, Hures-la-Parade, Ispagnac, Lachamp-Ribennes*, Lanuéjols, Laval-du-Tarn, La Malène, Marvejols, Mas-Saint-Chély, Masegros Causses Gorges, Mende, Meyrueis, Monts-de-Randon*, Le Rozier, Saint-Bauzile, Saint-Étienne-du-Valdonnez, Saint-Pierre-de-Nogaret, Saint-Pierre-des-Tripiers, Saint-Saturnin, Sainte-Hélène, La Tieule, Trélans, Vebron.

Roinn Tarn:

Cantúin Carmaux-1 Le Ségala, Les Hautes Terres d'Oc, Mazamet-1, Mazamet-2 Vallée du Thoré, La Montagne noire.

Bardais Alban, Amarens*, Ambialet, Arifat, Arthès*, Bellegarde-Marsal*, Bernac*, Brousse, Burlats, Cagnac-les-Mines, Carmaux, Castanet, Castelnau-de-Lévis*, Castres, Cestayrols*, Cordes-sur-Ciel*, Curvalle, Dénat*, Fauch, Le Fraysse, Le Garric, Graulhet*, Labessière-Candeil, Lacapelle-Ségalar, Laparrouquial, Lasgraisies*, Lautrec, Lempaut*, Lescure-d'Albigeois, Lombers, Mailhoc*, Massals, Mazamet, Miolles, Monestiés, Montfa, Montirat, Montredon-Labessonnié, Mont-Roc, Mouzens*, Mouzieys-Panens*, Navès*, Paulinet, Peyregoux*, Poulan-Pouzols, Pratiel*, Puéchoursi*, Puylaurens*, Rayssac, Réalmont, Roquecourbe, Rouffiac, Saint-André, Saint-Christophe, Saint-Jean-de-Vals, Saint-Julien-du-Puy, Saint-Marcel-Campes, Saint-Martin-Laguépie, Saint-Salvy-de-la-Balme, Sainte-Croix, Salles, Le Ségur, Sieurac, Soual, Souel*, Técou*, Teillet, Terre-de-Bancalié, Trévien, Vénès, Villefranche-d'Albigeois, Viviers-lès-Montagnes.

* Cuid den bhardas.

5. Nasc leis an limistéar geografach

Déantar “Roquefort” as bainne amh iomlán ó chaoraigh Lacaune, atá oiriúnaithe go foirfe do na coinníollacha comhshaoil sa limistéar geografach. Soláthraíonn na siléir aibithe a tógadh sa scileach ar a bhfuil an sráidbhaile eapainmneach suite na coinníollacha riachtanacha chun *Penicillium roqueforti* a fhorbairt sa cháis, rud a thugann an blas is dual di. Cinntítear leis an gcéim aibithe mhoill ina dhiaidh sin go bhforbraíonn an táirge go dtí go bhfuil uigeacht mhín aige chomh maithe leis na saintréithe orgánaileipteacha is fearr.

Comhfhreagraíonn an limistéar geografach do chodanna de dheisceart Massif Central, Piedmont agus gleannta sléibhe. Tá an aeráid, a bhfuil airde níos airde ná 400 m mar shaintréith aici, ar theorainn thionchar na Meánmhara agus thionchar an Atlantaigh. Mar thoradh air sin bíonn geimhrí fada a choisceann tús fhás an fhásra san Earrach agus triomaigh sa samhradh, a bhíonn níos measa go minic mar gheall ar chúltaisí uisce ísle san ithir. De thoradh foshraitheanna geolaíocha ón oraigineas Heircíneach nó sil-leagan aolchloiche ón Ré Mhéiseasóch, in éineacht le creimeadh, is minic bhíonn an topagrafaíocht droimneach agus an ithir clochach. Áirítear sa limistéar geografach talamh féaraigh agus féarthalamh. Úsáidtear an méid beag talún atá oiriúnach do bharraí mar fhéarthalamh sealadach agus gránaigh lena gcaitheamh sa limistéar féin.

Tá na siléir aibithe do “Roquefort” atá suite laistigh de shráidbhaile Roquefort-sur-Soulzon greanta go hiomlán istigh sa scileach i mbunchnoic aillte cailcreacha Combalou, áit a raibh ina láthair de bhristeacha agus intitim i gcaitheamh na gcéadta. Is trí na scoilteanna sa scileach, a thugann simléir nádúrtha ar a dtugtar “*fleurines*” sruth aeir úir thais isteach ag láidreachtaí éagsúla. Feidhmíonn na *fleurines* mar ghineadóir aeir thais fhuair, agus leanann siad luaineacht na teochta lasmuigh agus an brú atmaisféarach. Déantar an t-aer a thagann isteach sa talamh a fhuair leis na ballaí fionnuara ó na haillte a bhfuil a n-aghaidheanna thoir thuaidh; téann sé síos go bun an sciligh agus piocann sé suas taise ar theacht dó i dteagmháil leis an taiscumar faoi thalamh. Dá bhrí sin déanann na *fleurines* miocraeráid nádúrtha speisialta a chruthú, a chothromú, agus a choinneáil ar bun sna pluaiséanna, áit a bhforbraíonn *Penicillium roqueforti*.

Tá stair fhada ag “Roquefort”. Is féidir tagairt dó a aimsiú i mbailiúchán cairteacha Abbaye de Conques, in Aveyron ó 1070. In 1666 dheimhnigh foraithe ó Pharlaimint Toulouse na príbhleídí ríoga uile a deonaíodh ó Shéarlas VI chun “Roquefort” a chaomhnú agus deonaíodh d’áitritheoirí Roquefort-sur-Soulzon an ceart eiseach chun cáis “Roquefort” a aibíú. San 18ú haois, dhearbhaigh Diderot agus d’Alembert gurbh í “Roquefort” “rí na gcáiseanna”. Ina dhiaidh sin, rinne an iliomad breithiúnas an limistéar aibithe do “Roquefort” a theorannú do scileach Combalou. Ar an 26 Iúil 1925 rith Parlaimint na Fraince dlí a thug aitheantas do “Roquefort” mar an gcéad cháis leis an *appellation d’origine* [sonrúchán tionscnaimh].

Saintréith de “Roquefort” is ea an córas tógála sa limistéar geografach. Tá sé bunaithe ar fheirmeoireacht caorach de phór Lacaune agus úsáid fodair ó áiteanna atá an-ghar don fheirm, gan córas buailteachais. Tá an Lacaune oiriúnaithe dá thimpeallacht. Tugann an lomra olla, atá tiubhaithe ar a dhroim, cosaint ón ngrian i rith an tsamhraidh agus bíonn sé ina chabhair don chaora agus í ag dul i ngleic leis an teas. Tá a crúba oiriúnaithe d'ithir clochach. I rith an tséasúir innilte, bíonn sí in ann mar sin an sochar is fearr a bhaint as an bhfásra sa limistéar geografach, a bhíonn gann ó thaobh cothaithigh de go minic. Mar thoradh ar an obair a rinneadh i dtaca le roghnú géiniteach sa limistéar geografach leis na deicheanna de bhlianta anuas, tá cáil ar an Lacaune mar gheall ar a tháirgeadh bainne. Tógtar na caoirigh ar an mbealach traidisiúnta le haiste bia bunaithe ar an talamh féaraigh agus ar an bhféarthalamh sealadach agus buan sa limistéar geografach, talamh a úsáidtear d'innilt agus chun fodar a chothú. Tá srianta ar bheatha a cheannach lasmuigh den fheirm.

Bíonn fios gnó sonrach i gceist le monarú “Roquefort”. Déantar an cháis ó bhainne amh iomlán. Ullmhaítear púdair agus saothráin *Penicillium roqueforti*, a úsáidtear chun an cháis a shíolrú, ó phóir thraidisiúnta a fhaightear i miocraeraid na bpluaiseanna nádúrtha i mbardasacht Roquefort-sur-Soulzon. Déantar an cháis a dhraenáil gan brú a chur uirthi. Déantar an cháis a phriocadh d'fhonn í a aerú. Ansin aibítear an “Roquefort” sna siléir atá suite i scileach shliabh Combalou, atá aeráilte go nádúrtha le haer úr agus tais, leis an bhfad ama atá riachtanach chun *Penicillium roqueforti* a fhorbairt go maith. Ansin clúdaítear é i bpacáistiú cosanta chun moill a chur ar fhás *Penicillium roqueforti* agus leanann sé ar aghaidh ag forbairt trí aibiú mall.

Is cáis ghormfhéitheach é “Roquefort” a tháirgtear ó bhainne caorach amh iomlán go heisiach agus déantar é a aibiú ar feadh 90 lá ar a laghad ó dháta a mhonaraithe.

Bíonn an taos mín dlúth, agus féithe glasa-gorma cothroma ann chomh maith le dea-bholadh suaithinseach le boladh beag múscaín, agus blas láidir agus fíneálta.

Bíonn tionchar ag úsáid phór Lacaune, ag an gcóras traidisiúnta tógála agus ag an mbeatha bunaithe ar acmhainní sa limistéar geografach ar chomhdhéanadh an bhainne caorach, go háirithe na haigéid shailleacha óna dtagann an blas. Cuireann an bainne seo, agus é amh, le dea-bholadh suaithinseach “Roquefort” a thugtar chun cinn le linn an aibithe ag *Penicillium roqueforti*.

Ní mór don déantóir cáise solúbthacht a léiriú agus “Roquefort” á mhonarú ó bhainne amh iomlán. Tá an fios gnó a chuirtear i bhfeidhm le linn táirgthe, amhail draenáil gan brú a chur ar an gcáis, a chruthaíonn na bearnaí rialta sa taos, agus priocadh, a ligeann an t-aer isteach, fíor-riachtanach d'fhorbairt *Penicillium roqueforti* le linn an aibithe, agus céimeanna lena dtáirgtear taos ag a bhfuil féitheacha atá dáilte go cothrom.

Soláthraíonn na siléir aibithe a tógadh laistigh de scileach shliabh Combalou, a bhíonn aeraithe le “fleurines”, coinníollacha nádúrtha bitheolaíocha atá an-fhabhrach d'aibiú “Roquefort”. San aeráid speisialta sin tairbhíonn *Penicillium roqueforti* den timpeallacht agus cuireann sé sin go mór lena fhorbairt. Iolraíonn sé sa cháis, athraíonn sé an taos ó bhonn, tugann sé dath glas-gorm don cháis agus tugann sé an blas ar fad di.

Forbraíonn an t-aibiú mall i ndiaidh aibithe uigeacht mhín thaos “Roquefort”, agus faoi dheireadh tréimhse 90 lá ar a laghad, bíonn a dhea-bholadh an-sainiúil le boladh beag muscaín forbartha go hiomlán.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

http://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-ce7087ff-374d-4ef9-bb80-df1367047144

Foilsíú iarratas ar cheadú leasaithe, nach mionleasú é, ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus earraí bia

(2022/C 234/08)

Leis an bhfoilsíú seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne chur i bhfeidhm an leasaithe de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

IARRATAS AR FHORMHEAS A DHÉANAMH AR LEASÚ NACH MIONLEASÚ É AR SHONRAÍOCHT TÁIRGE SONRÚCHÁIN
TIONSCLAIMH FAOI CHOSAINT NÓ TÁISC GHEOGRAFAIGH FAOI CHOSAINT

Iarratas ar leasú a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 53(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012

“Chianti Classico”

Uimh. AE: PDO-IT-0108-AM03 — 20.3.2019

STFC (X) TGFC ()

1. Grúpa iarratasóra agus leas dlisteanach

Consorzio olio DOP Chianti Classico (cuibhreannas ola STFC “Chianti Classico”) bunaithe ag via Sangallo, 41 – loc. Sambuca – Tavernelle Val di Pesa- (FI).

Comhlíonann an cuibhreannas réamhluaite na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 13(1) d’Fhorathne ón Aire Uimh. 12511 an 14 Deireadh Fómhair 2013.

2. Ballstát nó tríú tír

An Iodáil

3. CEANNTÉIDEAL SA tsonraíocht TÁIRGE A ndéanann AN LEASÚ (NA LEASUITHE) DIFEAR DÓ

- ☐ Ainm an táirge
- ☒ Tuairisc ar an táirge
- ☒ Limistéar geografach
- ☐ Cruthúnas ar thionscnamh
- ☒ An modh táirgthe
- ☒ Nasc
- ☒ Lipéadú
- ☒ Scaoileadh lena tomhailt; cineálacha pacáistithe; cigireachtaí.

4. Cineál an leasú nó na leasuithe

- ☒ Leasú ar an tsonraíocht táirge de STFC nó TGFC cáilithe nach bhfuil le cáiliú mar mhionleasú i gcomhréir leis an tríú fhomhír d’Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.
- ☐ Leasú ar an tsonraíocht táirge de STFC nó TGFC nár foilsíodh Doiciméad Aonair (ná doiciméad coibhéiseach) ina leith nach bhfuil le cáiliú mar mhionleasú i gcomhréir leis an tríú fhomhír d’Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

5. Leasú nó leasuithe

Tuairisc ar an táirge:

— Tá roinnt athruithe ar Airteagal 10 den tsonraíocht táirge agus ar phointe 3.2 den doiciméad aonair á moladh.

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

Baineann an leasú seo leis an measúnú ceimiceach ar ola olóige úrion STFC “Chianti Classico”. Go sonrach, scriosadh an anailís ar ionsúiteacht i radaíocht ultraivialait, scriosadh an tagairt don mhodh anailíse le haghaidh an líon iomlán polaiifeanól, tugadh an anailís ar bhithfeanóil atá ar mhais mhóilíneach íseal isteach, agus cuireadh anailís ar alfathócaifearól in ionad an anailís ar an líon iomlán tócaifearól.

Dá réir sin, seo a leanas an fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

“Measúnú ar na ceimiceáin

- (a) Aigéadacht arna léiriú mar aigéad oiléach $\leq 0.5 \%$;
- (b) Uasluach sárocsaíde 12 (mEq ocsaigin);
- (c) Ionsúiteacht i radaíocht ultraivialait K232 2.1 ar a mhéad agus K270 0.2 ar a mhéad
- (d) Cion ard aigéad oiléach $>72 \%$;
- (e) Líon iomlán CMPanna (frithocsaídeoírí feanóile) os cionn 150 ppm,
- (f) Líon iomlán tócaifearól os cionn 140 ppm.”

tá an méid a leanas le cur ina ionad sin:

“Measúnú ar na ceimiceáin

- (a) Aigéadacht arna léiriú mar aigéad oiléach $\leq 0.5 \%$;
- (b) Uasluach sárocsaíde 12 (mEq ocsaigin);
- (c) Cion ard aigéad oiléach $>72 \%$;
- (d) Líon iomlán polaiifeanól os cionn 150 ppm;
- (e) Líon iomlán alfathócaifearól os cionn 140 ppm.”

Measaimid gur féidir an anailís ar ionsúiteacht i radaíocht ultraivialait a scriosadh.

Déantar an anailís sin chun an luach K270 agus an luach K232 a chinneadh.

Tá K270 úsáideach ó thaobh an ola choigeartaithe atá in ola íon a chur i dtábhacht de réir mar a théann an luach K270 in airde i gcás ina bhfuil an cineál calaoise seo ann.

Tar éis na mblianta de sheiceálacha, is féidir an cineál seo calaoise maidir le holaí STFC agus/nó TGFC de thionscnamh na hIodáile a chur as an áireamh go cinnte agus, dá bhrí sin, is fearr linn modhanna níos úsáidí chun ola STFC “Chianti Classico” a chosaint agus chun feabhas a chur ar an luach atá uirthi a chur in ionad an mheasúnaithe anailíse seo.

Le K232, cuirtear faisnéis cháilíochtúil ar fáil maidir le leibhéal ocsaídíte na hola agus tagann méadú ar an luach sin nuair atá an ola ag teacht chun cineáil.

Measaimid go gcuirtear an fhaisnéis ar fáil ar bhealach sásúil le hanailís ar an luach sárocsaíde, go háirithe ionas nach gcuirfí tuilleadh le costais na dtáirgeoirí.

Dá bhrí sin, is é is cuspóir leis na leasuithe seo feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise anailísí maidir le hola STFC “Chianti Classico” gan cur leis na costais tuilleadh.

Maidir leis an soiléiriú a bhaineann leis an líon iomlán polaiifeanól, molaimid an tagairt don mhodh anailíse arna fhorbairt ag Milan Experimental Station a scriosadh ós rud é nach ann don mhodh sin a thuilleadh agus go n-úsáideann gach saotharlann Iodálach atá údaraithe olaí STFC a dheimhniú modh creidiúnaithe, comhionann.

Leis an anailís cheimiceach ar bhithfeanóil, tugtar píosa faisnéise isteach arb eol dúinn anois a bheith an-tábhachtach le haghaidh an tomhaltóra mar leis an bhfaisnéis sin is féidir an fíorluach ó thaobh cháilíocht ola STFC “Chianti Classico” a thuiscint.

In ionad anailís ghinearálta a dhéanamh ar thócaifearóil (vitimíní), anailís ina dtugtar léiriú ar líon iomlán na gcomhdhúl seo in ola ar leith, déantar an anailís ar alfathócaifearóil a thabhairt isteach, i.e. ceann de na tócaifearóil is iondúil a bheith san ola.

Tá an paraiméadar sin níos iomchuí agus níos suntasaí ós rud é gur alfathócaifearól amháin 90-95 % den líon iomlán tócaifearól in ola ar leith agus toisc gurb é an paraiméadar ag a bhfuil an chumhacht bhithghníomhach is airde. Dá bhrí sin, tríd an íosteorainn 140 ppm a choinneáil agus a shonrú gur d'alfathócaifearól amháin a thagraíonn sí, áirithimid ola ag a bhfuil cion iomlán vitimíní níos airde (is iad gámathócaifearól, deiltethócaifearól agus béitethócaifearól na vitimíní eile).

Limistéar geografach

- Níor athraíodh an limistéar geografach. Baineann an leasú seo le hAirteagal 3 den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 den doiciméad aonair. Leis an airteagal sin, cuirtear forálacha Dhlí Réigiúnach Uimh. 63 an 26 Samhain 2019 chun feidhme, lena mbunaítear bardas Barberino-Tavernelle, arna chruthú ag cumasc bhordais Barberino Val di Elsa agus Tavernelle Val di Pesa.

Dá réir sin, seo a leanas an fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

“Tá an limistéar táirgthe ina dtáirgtear ola ‘Chianti Classico’ comhdhéanta de chríoch riaracháin na mbardas a leanas, i gCúigí Siena agus Fhlórans: Castellina in Chianti ina iomláine, Gaiole in Chianti, Greve in Chianti agus Radda in Chianti, agus codanna de Barberino Val d’Elsa, Castelnuovo Berardenga, Poggibonsi, San Casciano in Val di Pesa agus Tavernelle Val di Pesa.”

tá an méid a leanas le cur ina ionad sin:

“Tá an limistéar táirgthe ina dtáirgtear ola ‘Chianti Classico’ comhdhéanta de chríoch riaracháin na mbardas a leanas, i gCúigí Siena agus Fhlórans: Castellina in Chianti ina iomláine, Gaiole in Chianti, Greve in Chianti agus Radda in Chianti, agus codanna de Barberino-Tavernelle, Castelnuovo Berardenga, Poggibonsi agus San Casciano i Val di Pesa.”

An modh táirgthe

- Leasaíodh Airteagal 2 den tsonraíocht agus pointe 3.2 den doiciméad aonair. Ina theannta sin, aistríodh an fhaisnéis seo go pointe 3 den doiciméad aonair, áit a bhfuil sí níos ábhartha.

An fhoclaíocht:

“Ní mór ola olóige úrion ‘Chianti Classico’ a tháirgeadh d’ológa a thagann as crainn ológ cláraithe i gcomhréir 80 % ar a laghad ó na cineálacha Frantoio, Correggiolo, Moraiolo agus Leccino, ina n-aonar nó le chéile, agus ní mór cheart níos mó ná 20 % ó chineálacha áitiúla eile a bheith ann, agus ní mór na cineálacha sin a bheith cláraithe sa chlár maidir le geirmphlasma ológ na Tuscáine i gcónaí.”

tá an méid a leanas le cur ina ionad sin:

“Ní mór ola ‘Chianti Classico’ a tháirgeadh d’ológa a thagann as crainn ológ laistigh den limistéar táirgthe geografach amháin, atá lonnaithe laistigh den limistéar geografach arna shainathint le hAirteagal 3 den tsonraíocht táirge, arna n-iontráil sa chlár. Ní mór 80 % ar a laghad de na plandaí ar aon fheirm ar leith teacht as na cineálacha ‘Frantoio’, ‘Correggiolo’, ‘Moraiolo’, ‘Leccio del Corno’, bíodh siad ina n-aonar nó i meascán, agus is féidir 20 % de na hológa ar a mhéad teacht as cineálacha áitiúla eile, agus ní mór na cineálacha sin a bheith cláraithe sa chlár maidir le geirmphlasma ológ na Tuscáine i gcónaí”.

Moltar an soiléiriú sin chun a chur in iúl ar bhealach níos soiléire gur ceadmhach dáileachtaí a cuireadh le cineál amháin crainn ológ a chlárú fiú mura bhfuil na dáileachtaí sin de thionscnamh na bpríomhchineálacha (Frantoio, Correggiolo, Leccino agus Moraiolo). Ní mór 80 % ar a laghad de na crainn ar fheirm ológ amháin, ina n-iomláine, a bheith de thionscnamh na bpríomhchineálacha chun an tsonraíocht táirge a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is féidir garráin “mionsaothróga” a chur isteach i gclár na gcrann ológ le haghaidh STFC “Chianti Classico”, ar choinníoll go gcomhlíontar na híoschéatadáin a leagtar síos sa tsonraíocht táirge.

Ina theannta sin, cuireadh Leccio del Corno, a tháinig as agus a aimsíodh ar fheirm sa limistéar – feirm i mbardas San Casciano Val di Pesa – le liosta na bpríomhchineálacha ar cheart gurbh ionann iad agus 80 % ar a laghad de na crainn ológ atá oiriúnach chun ológa a tháirgeadh le haghaidh ola STFC “Chianti Classico”. Tá na saintréithe cáilíochta a bhaineann le hola Leccio del Corno an-chosúil le saintréithe cáilíochta na bpríomhchineálacha, agus dea-bholadh torthaíoch agus blas an-searbh agus láidir orthu.

Tá údar cuí leis an ngné bhreise seo leis na blianta d’anailísiú lena léirítear go bhfuil meánphróifíl orgánaileipteach ola STFC “Chianti Classico” agus meánphróifíl orgánaileipteach ola aonchineálach Leccio del Corno, agus saintréithe ceimiceacha agus fisiciúla ola aonchineálach Leccio del Corno, go hiomlán i gcomhréir leis na saintréithe a bhaineann le STFC “Chianti Classico”.

- Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge, a bhaineann le toradh.

An fhoclaíocht:

“Níor cheart an toradh ola a bheith níos mó ná 650 kg/ha maidir le garráin ológ ina bhfuil dlús 200 planda ar a laghad.

Maidir le garráin ina bhfuil dlús níos ísle, níor cheart an toradh a bheith níos mó ná 3.25 kg in aghaidh an chrainn.

Níor cheart an teorainn sin a bheith níos mó ná 2 kg d'ola in aghaidh an chrainn i ngarráin ina bhfuil dlús níos mó ná 500 crann in aghaidh an heicteáir."

tá an méid a leanas le cur ina ionad sin:

"Níor cheart an toradh olóige a bheith níos mó ná:

20 kg in aghaidh an chrainn i ngarráin ina bhfuil dlús suas le 250 planda in aghaidh an heicteáir agus in aghaidh an aonaid feirme;

12 kg in aghaidh an chrainn i ngarráin ina bhfuil dlús idir 251 agus 500 planda in aghaidh an heicteáir agus in aghaidh an aonaid feirme;

8 kg in aghaidh an chrainn i ngarráin ina bhfuil dlús níos mó ná 501 phlanda in aghaidh an heicteáir agus in aghaidh an aonaid feirme.

In aon chás, níor cheart uastoradh ola feirme in aghaidh 100 kg d'ológa a bheith níos mó ná 20 %.

Ní mór cloí leis na teorainneacha sin freisin i gcás ina ndéantar ológa ó bhaisceanna ó níos mó ná aonad feirme amháin a mheascadh. Is ionann an toradh a chinnfear agus meántoradh na baisce a bheidh á próiseáil."

Leis an leasú ar an Airteagal seo, déantar an ola olóige "a thiontú" ina hológa i ndáil leis na trí aicme um dhlús plandaithe atá in Airteagal 5 cheana, gan srianta nó méaduithe ar acmhainneacht táirgthe na n-aonad ina dtáirgtear ola olóige a thabhairt isteach de facto.

Is é is cuspóir leis an leasú seo na seiceálacha ar shaothróirí ológ a dhéanamh níos éasca.

— Baineann an leasú seo le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge, a bhaineann leis na socruithe maidir le lománú agus stóráil.

An fhoclaíocht:

"Ní mór na hológa a bhaint go díreach den chrann, ní mór iad a bhailiú ar eangaigh nó ar bhraillíní i gcás inar gá, agus ní mór iad a iompar agus a stóráil i mboscaí is féidir a chur os cionn a chéile lena bhfuil pollta ar 5 thaobh, i sraithanna nach mó ná 30 cm iad i gciseanna pollta nó i dtralaithe. Má dhéantar na hológa a stóráil, ní mór iad a stóráil in áitreabh oiriúnach, fuar agus aeráilte ar feadh tréimhse nach mó ná 3 lá tar éis na hológa a lománú. Féadfar na hológa a iompar go dtí an muileann ola sna boscaí céanna nó i gcoimeádáin iomchuí eile. Toirmisctear úsáid málaí nó burlaí.

Má úsáidtear ciseanna agus/nó tralaithe, ní mór na hológa a iompar go dtí an muileann ola an lá céanna a ndéantar iad a lománú.

Maidir leis na hológa a stóráil sula ndéantar iad a mheilt, ní mór na hológa a stóráil in áitreabh agus i gcoimeádáin lena ndéantar saintréithe cáilíochta an táirge a ráthú.

Ní mór na hológa a phróiseáil laistigh de 24 uair an chloig tar éis iad a sheachadadh go dtí na muilte ola, nach mór a bheith lonnaithe laistigh den chríoch dá dtagraítear in Airteagal 3 den tsonraíocht táirge seo, agus nach mór a bheith oiriúnach i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8 thíos."

tá an méid a leanas le cur ina ionad sin:

"Ní mór na hológa a bhaint go díreach den chrann, ní mór iad a bhailiú ar eangaigh nó ar bhraillíní i gcás inar gá, agus ní mór iad a iompar agus a stóráil i mboscaí is féidir a chur os cionn a chéile lena bhfuil pollta ar 5 thaobh, i sraithanna nach mó ná 30 cm iad nó i gciseanna pollta nó i dtralaithe. Má dhéantar na hológa a stóráil, ní mór iad a stóráil in áitreabh oiriúnach, fuar agus aeráilte ar feadh tréimhse nach mó ná 3 lá tar éis na hológa a lománú. Féadfar na hológa a iompar go dtí an muileann ola sna boscaí céanna nó i gcoimeádáin iomchuí eile. Toirmisctear úsáid málaí nó burlaí.

Maidir leis na hológa a stóráil sula ndéantar iad a mheilt, ní mór na hológa a stóráil in áitreabh agus i gcoimeádáin lena ndéantar saintréithe cáilíochta an táirge a ráthú.

Má úsáidtear ciseanna agus/nó tralaithe chun na hológa a lománú, ní mór na hológa a iompar go dtí an muileann ola an lá céanna a ndéantar iad a lománú.

Ní mór na hológa a phróiseáil laistigh de 24 uair an chloig tar éis iad a sheachadadh go dtí na muilte ola, nach mór a bheith lonnaithe laistigh den chríoch dá dtagraítear in Airteagal 3 den tsonraíocht táirge seo, agus nach mór a bheith oiriúnach i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8 thíos."

D'fhonn an abairt a dhéanamh níos soiléire, cuireadh an focal "nó" isteach tar éis "30 cm".

Tríd an mír leathdheireanach a chur isteach, táthar ag ceapadh a shonrú nach mór na hológa a iompar go dtí an muileann an lá céanna a dhéantar an lománú má úsáidtear ciseanna nó tralaithe mar choimeádáin stórála le haghaidh na n-ológ buainte. Tá gá leis an athrú seo chun a áirithiú, maidir leis na hológa is dóchúla go ndéanfar damáiste dóibh, go ndéanfar iad a phróiseáil go tapa.

— Baineann an leasú seo le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge a bhaineann leis an modh um ola a bhaint agus le comhdhéanamh na mbaisceanna.

An fhoclaíocht:

“Nuair a ghlantar na hológa in uisce nó aer ag teocht chomhthimpeallach, ní mór ola ‘Chianti Classico’ a bhaint trí mhodhanna meicniúla agus fisiciúla iontaofa agus comhsheasmhacha a úsáid. Ní mór teocht na suiteálacha bainte a rialú ionas nach mbeidh sí níos airde ná 27 °C.”

tá an méid a leanas le cur ina ionad sin:

“Tar éis na hológa a ghlanadh in uisce, le aer nó gan é, ag teocht chomhthimpeallach, ní mór ola ‘Chianti Classico’ a bhaint trí mhodhanna meicniúla agus fisiciúla iontaofa agus comhsheasmhacha a úsáid. Ní mór teocht na suiteálacha bainte a rialú ionas nach mbeidh sí níos airde ná 27 °C.”

Tá gá leis an ngné bhreise seo chun a shoiléiriú gur féidir idir uisce agus aer a úsáid le linn na céime glantacháin.

Nasc

— Ní leasú é an pointe seo de réir na brí beaichte. Níl an nasc le feiceáil sa tsonraíocht atá ann faoi láthair, ach sa doiciméad aonair foilsithe amháin. Dá bhrí sin, ba cheart an téacs sa doiciméad aonair a chur isteach in airteagal sonrach sa tsonraíocht.

Is mar a leanas an téacs a cuireadh isteach sa tsonraíocht:

“Nasc

Airteagal 18

Baineann saintréithe aeráide agus hidreolaíocha sonracha le limistéar táirgthe ‘Chianti Classico’ agus tá sé dea-leagtha amach ón 14ú céad i leith.

Tá an limistéar táirgthe cuibheasach aonshoimeach ó thaobh an talaimh agus na haeráide; tagann geimhrí crua i ndiaidh fómhair a bhíonn éadrom agus tirim ar an meán. Tá an timpeallacht ina hiomláine de chineál gur féidir crainn ológ a shaothrú ag teorainn a limistéir fais nádúrtha, rud a ndearna difear do phróiseas táirgthe agus do phróiseas aibithe na n-ológ agus, go deimhin, a leanann de dhifear a dhéanamh do na próisis sin.

De réir na dteicnící saothraithe a úsáideadh sa limistéar seo i gcónaí, déantar na hológa a lománú go díreach ón gcrann sula bhfuil siad go hiomlán abái.

Chomh maith leis sin, braitheann cruth na gcrann (arb iondúil iad a bheith ag an mbarr) ar na dálaí teirmeacha a ghlacann na saothróirí áitiúla, rud a chuireann le fás na corónach sa chaoi go bhféadfadh solas agus teas a dháileadh ar bhealach níos fearr sa choróin, rud a chuireann le forbairt na gcrann le linn thréimhsí gairide na bliana.

Déantar ola olóige úrion ‘Chianti Classico’ as cineálacha a shaothraítear go traidisiúnta sa Tuscáin agus aithnítear é mar gheall ar a phróifíl chéadfach, mar thoradh ar an mblas searbh agus láidir atá air go príomha, le dea-bholaithe torthaíocha.

Na saintréithe ceimiceacha agus orgánaileipteacha a bhaineann le hola olóige úrion STFC ‘Chianti Classico’, baineann siad le haeráid an limistéir táirgthe a bhfuil tionchar díreach aici ar cháilíocht agus ar chainníocht na bhfeanól, ar an leibhéal searbhais agus láidreachta sa bhlas agus ar leibhéal an bhlais thorthaíoch.

I bhfianaise an gá leis na hológa a chosaint ar an gcéad sioc le linn an fhómhair, déantar iad a lománú go luath (i.e. sula bhfuil siad go hiomlán aibí). Fiú má fhágtar go bhfuil cainníocht ola níos ísle ann mar gheall air sin, is féidir na hológa a lománú nuair atá an cion ard polaifeanól fós iontu, lenar féidir an blas searbh agus láidir arb iondúil a bhíonn ar ola ‘Chianti Classico’ a neartú. Thairis sin, a bhuí leis na héagsúlachtaí móra i ngnáth-theocht an limistéir seo san fhómhar, aithnítear ola olóige úrion ‘Chianti Classico’ mar gheall ar dhea-bholadh an-torthaíoch freisin.

Tugadh aithint níos beaichte don limistéar le forógra arna eisiúint ag an Diúc Cosimo III in 1716 lenar leagadh amach a theorainneacha atá ann faoi láthair mar aitheantas ar na buanna agus ar na saintréithe uathúla a bhaineann leis an bhfíon agus leis an táirgeadh ológ ann: ba chineál STFC é i bhfad sular cruthaíodh an téarma sin. Rinneadh na príomhchineálacha a saothraíodh i réigiún Chianti Classico a liostú i dtráchtas teoiriciúil agus praiticiúil iomlán maidir le hológa arna scríobh ag G. Travanti in 1819.”

Lipéadú

— Baineann an leasú seo le hAirteagal 17 - Sonrúchán agus Cur i láthair – den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.6 den doiciméad aonair.

Sa dara líne, cuireadh “*an dlí atá i bhfeidhm faoi láthair*”, atá níos iomchuí, in ionad “caighdeán dlí agus thrádála”.

Baineadh an focal “láithreach” i ndáil le suíomh na bhfocal “*Denominazione di Origine Protetta*” i ndiaidh ainm an tsonrúcháin, agus ceadaíodh an t-acrainm “DOP” (STFC) a úsáid.

An fhoclaíocht:

“Anuas ar na sonraí a cheanglaítear leis an dlí agus leis na caighdeáin thrádála de ghnáth, ní mór na focail ‘*Olio Extravergine di Oliva Chianti Classico*’ [ola úrion Oliva Chianti Classico] agus na focail ‘*Denominazione di Origine Protetta*’ [Sonrúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint] a thagann láithreach ina ndiaidh a bheith le feiceáil ar an lipéadú ar na coimeádáin dá dtagraítear san airteagal a bhí ann roimhe seo agus ní mór an bhliain táirgthe a léiriú i gcarachtair doscrista air i gcomhréir le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge seo.

Toirmiscear aon cháilitheoir nach ndéantar foráil ina leith go sainráite sa tsonraíocht táirge seo a chur leis an sonrúchán. Mar sin féin, trádmharcanna grúpaí táirgeoirí, ainmneacha gabháltas, eastát nó feirmeacha agus logainmneacha lena dtagraítear d’áiteanna inar saothraíodh na hológa iarbhir, féadfar iad sin a áireamh.

Ní mór an tsonraíocht a léiriú ar an lipéad i litreacha soiléire, doscrista a bhfuil dath orthu atá gléineach go leor chun bheith i gcodarsnacht ghéar leis an dath atá ar an lipéad. Ní fhéadfaidh na carachtair ghrafacha in aon fhoclaíocht bhreise a bheith níos mó ná 50 % de mhéid na gcarachtar a úsáidtear le haghaidh na sonraíochta.”

tá an méid a leanas le cur ina ionad sin:

“Anuas ar na sonraí a cheanglaítear de ghnáth leis an dlí atá i bhfeidhm faoi láthair, ní mór na focail ‘*Olio Extravergine di Oliva Chianti Classico*’ [ola úrion Oliva Chianti Classico] agus na focail ‘*Denominazione di Origine Protetta*’ [Sonrúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint] nó an t-acrainm DOP [STFC] a bheith le feiceáil ar an lipéadú ar na coimeádáin dá dtagraítear san airteagal a bhí ann roimhe seo agus ní mór an bhliain táirgthe a léiriú i gcarachtair doscrista air i gcomhréir le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge seo.”

Toirmiscear aon ráiteas adhmholta nach ndéantar foráil ina leith go sainráite sa tsonraíocht táirge seo a chur leis an sonrúchán. Mar sin féin, marcanna lena gcuirtear in iúl grúpaí táirgeoirí, ainmneacha gabháltas, eastát nó feirmeacha agus logainmneacha lena ndéantar tagairt d’áiteanna inar saothraíodh na hológa iarbhir, féadfar iad sin a áireamh.

Ní mór an tsonraíocht a léiriú ar an lipéad i litreacha soiléire, doscrista a bhfuil dath orthu atá gléineach go leor chun bheith i gcodarsnacht ghéar leis an dath atá ar an lipéad. Ní fhéadfaidh na carachtair ghrafacha in aon fhoclaíocht eile a bheith níos mó ná 50 % de mhéid na gcarachtar a úsáidtear le haghaidh na sonraíochta.”

Is é is aidhm leis na hathruithe sin go bhféadfar an bealach ina n-iontráiltear na focail sin ar an gcineál lipéid a chur in oiriúint.

Scaoileadh lena tomhailt; cineálacha pacáistithe; cigireachtaí

Scaoileadh lena tomhailt

— Baineann an leasú seo le hAirteagal 13 den tsonraíocht táirge. chomh maith leis sin, cuireadh an fhaisnéis sin isteach i bpointe 3.5 den doiciméad aonair maidir le huainiú an scaoileadh lena tomhailt agus maidir leis an sprioc-am chun an buidéalú a dhéanamh.

An fhoclaíocht:

“ Féadfar ola ‘Chianti Classico’ a bhuidéalú go dtí an 31 Deireadh Fómhair den bhliain a thagann i ndiaidh na bliana táirgthe agus féadfar í a scaoileadh lena tomhailt go dtí mí Feabhra den bhliain ina dhiaidh sin.

Ní mór an bhliain táirgthe a léiriú go soiléir ar an lipéadú ar ola ‘Chianti Classico’ i gcónaí.”

tá an méid a leanas le cur ina ionad sin:

“ Féadfar ola ‘Chianti Classico’ a bhuidéalú go dtí an 31 Eanáir den dara bliain a thagann i ndiaidh na bliana táirgthe. Ní mór an bhliain táirgthe a léiriú go soiléir ar an lipéadú ar ola ‘Chianti Classico’ i gcónaí.”

Moltar an ceanglas maidir leis an ola a scaoileadh lena tomhailt (i.e. lena díol ag an bpacáisteoir) faoin 28 Feabhra a bhaint, toisc gur léiríodh go bhfuil an srianadh sin iomarcach agus go gcuirtear srian le gníomhaíocht ghnó leis. In aon chás, déantar faisnéis cheart don tomhaltóir a ráthú leis an oibleagáid maidir chun an bhliain a léiriú go soiléir ar an lipéad agus, thar aon ní eile, maidir le “dáta éagtha” na hola a bheith ar an lipéad. Chomh maith leis sin, moltar an 31 Eanáir den dara bliain a thagann i ndiaidh bhliain na buainte a shonrú ina sprioc-am chun buidéalú a dhéanamh.

De réir a cineáil agus sa chás seo, seasann an ola níos fearr ar an mórchóir ná mar a sheasann sí agus í buidéalaithe. Dá bhrí sin, is iondúil gur fearr leis na táirgeoirí an buidéalú a dhéanamh mar fhreagairt ar orduithe agus go ndéanann siad iarracht an líon is lú buidéal nó cannaí ola agus is féidir a bheith sa stoc acu. Déantar é sin chun úire agus cáilíocht an táirge a choinneáil.

Dá bhrí sin, i bhfianaise an méid thuas, chun aon fhadhb a bhaineann le leasú agus margú ola STFC “Chianti Classico” a sháru agus chun cosc a chur ar aon fhadhb den sórt sin a bheith ann amach anseo, agus ós rud é go gceanglaítear in aon chás dáta “éagtha” a bheith ar an lipéad ar ola STFC “Chianti Classico”, measaimid go bhfuil sé iomchuí an 31 Eanáir den dara bliain a thagann i ndiaidh bhliain na buainte a shonrú ina sprioc-am nua chun buidéalú a dhéanamh.

— Baineann an leasú seo le hAirteagal 15 den tsonraíocht maidir le sprioc-am nua a leagan síos le haghaidh buidéalú maidir leis na cineálacha stórála le haghaidh an ola nach dtéann faoi scagachán gléghlanta.

An fhoclaíocht:

De mhaolú ar an gcéad mhír den airteagal seo, is féidir ola a chomhlíonann na rialacha a leagtar síos sa tsonraíocht a bhuidéalú faoin 31 Deireadh Fómhair den bhliain a thagann i ndiaidh an bhliain ina ndéantar na hológa a lománú ina bhfuil sé faoi réir scagachán gléghlanta a dhéanamh faoin 31 Nollaig den bhliain táirgthe, agus in aon chás faoin dáta a chuirtear an t-iarratas ar dheimhniú isteach.

tá an méid a leanas le cur ina ionad sin:

De mhaolú ar an gcéad mhír den airteagal seo, is féidir ola a chomhlíonann na rialacha a leagtar síos sa tsonraíocht a bhuidéalú faoin 31 Eanáir den dara bliain a thagann i ndiaidh an bhliain ina ndéantar na hológa a lománú ina bhfuil sé faoi réir scagachán gléghlanta a dhéanamh faoin 31 Nollaig den bhliain táirgthe, agus in aon chás faoin dáta a chuirtear an t-iarratas ar dheimhniú isteach.

Moltar an 31 Eanáir den dara bliain a thagann i ndiaidh bhliain na buainte a shonrú ina sprioc-am chun buidéalú a dhéanamh.

Tagann an leasú seo as an leasú ar Airteagal 13 thuas.

Is mar a leanas atá an abairt a scríosadh:

“I gcás nach ndeachaigh an ola faoi scagachán gléghlanta láithreach faoin 31 Nollaig den de bhliain na buainte, ní mór í a stóráil faoi thriathghás freisin”.

Moltar an ceanglas maidir le hola neamhscagtha a stóráil faoi thriathghás a bhaint agus an sprioc-am chun an pacáistiú a dhéanamh 45 lá tar éis an dáta deimhnithe a choinneáil.

Ola neamhscagtha a stóráiltear faoi thriathghás, coiníonn sí a saintréithe, murab ionann agus ola neamhscagtha a stóráiltear gan ghás. Mar sin féin, meastar gur féidir cosaint chuimsitheach a thabhairt don tomhaltóir ach a cheangal ar oibreoirí an ola a bhuidéalú laistigh de 45 lá tar éis an dáta deimhnithe. I gcás nach ndéantar an buidéalú laistigh de 45 lá, ní mór na seiceálacha ceimiceacha agus orgánaileipteacha a dhéanamh arís.

Cineálacha pacáistithe

— Leasaíodh Airteagal 16 den tsonraíocht agus pointe 3.5 den doiciméad aonair.

An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

“Ní mór ola ‘Chianti Classico’ a phacáistiú sa limistéar táirgthe i gcoimeádáin gloine nó miotail atá ar na méideanna a shonraítear i gcainníochtaí ainmniúla suas le 5 (cúig) lítear. Ceadáítear coimeádáin gloine, miotail nó PET ina bhfuil níos lú ná 100 ml freisin, ar choinníoll go gcloínn a bpacáistiú le méid iomlán na n-acmhainneachtaí arna n-údarú ag na rialacháin atá i bhfeidhm. Ní mór na coimeádáin a dhúnadh go heirméiteach ar bhealach nach mbrisfear an séala ráthaíochta nuair a osclófar iad.”

tá an méid a leanas le cur ina ionad sin:

“Ní mór ola ‘Chianti Classico’ a phacáistiú sa limistéar táirgthe dá dtagraítear in Airteagal 3 i gcoimeádáin arna ndéanamh as na hábhair agus atá ar na méideanna a cheadaítear go dlíthiúil.

Ní mór an pacáistiú a dhúnadh i gcomhréir leis an dlí agus ní mór séala ráthaíochta a léiriú air. Maidir le coimeádáin ag a bhfuil acmhainneacht níos lú ná 100 ml, féadfar an acmhainneacht a fhágáil ar lár.”

Moltar úsáid coimeádáin d’ábhair agus d’acmhainneachtaí éagsúla a cheadú chun a chur ar chumas na n-oibreoirí freagairt ar éilimh an mhargaidh ar bhealach níos fearr.

Leis sin, cuirtear ar chumas na n-oibreoirí freisin an séala ráthaíochta a ghreamú ar an mbealach is iomchuí ag brath ar an gcineál coimeádáin atá i gceist.

Cigireachtaí

— Cuireadh airteagal sonrach isteach sa tsonraíocht táirge a bhaineann le cigireachtaí. Áirítear gach faisnéis faoin gcomhlacht rialaithe ann.

Is mar a leanas atá an t-airteagal nua:

“Cigireachtaí

Airteagal 19

Déanann an comhlacht rialaithe comhréireacht an táirge leis an tsonraíocht táirge a sheiceáil i gcomhréir le forálacha reachtaíochta an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair. Is é Valoritalia Srl an comhlacht rialaithe atá freagrach, agus tá a oifig cláraithe lonnaithe ag Via Piave 24, 00187 an Róimh, Teil. +390645437975; Facs +390645438908; R-phost: info@valoritalia.it.”

DOICIMÉAD AONAIR

“Chianti Classico”

Uimh. AE: PDO-IT-0108-AM03 — 20.3.2019

STFC (X) TGFC ()

1. Ainm nó ainmneacha [STFC nó TGFC]

“Chianti Classico”

2. Ballstát nó tríú tír

An Iodáil

3. TUAIRISC AR AN TÁIRGE TALMHAÍOCHTA NÓ AR AN mbia-EARRA

3.1. An cineál táirge [a liostaítear in Iarscríbhinn XI]

Aicme 1.5. Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.)

3.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)

Is ola olóige úrion é “Chianti Classico” ag bhfuil na saintréithe a leanas nuair a scaoiltear í lena tomhailt:

Measúnú ar na ceimiceáin

- (a) Aigéadacht arna léiriú mar aigéad oiléach ≤ 0.5 %;
- (b) Uasluach sárocsaíde 12 (mEq ocsaigin);
- (c) Cion ard aigéad oiléach > 72 %;
- (d) Líon iomlán polaifeanól os cionn 150 ppm;
- (e) Líon iomlán alfathócaifearól os cionn 140 ppm.

Measúnú orgánaileipteach

Ní mór na saintréithe a leanas a bheith ag an ola:

- dath idir dúghlas agus glas le himirceacha órga a bheith uirthi,
- dea-bholadh torthaíoch atá go huathúil tipiciúil d’ola olóige a bheith uirthi.

Ní mór gurbh ionann na scóir ar an leathanach próifíle arna líonadh isteach ag an bpainéal blaiste agus na scóir a leanas:

- (a) blas torthaíoch glas 3-8
- (b) searbhas 2-8
- (c) láidreacht 2-8

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

Ní mór ola olóige úrion “Chianti Classico” a tháirgeadh d’ológa a thagann as crainn ológ cláraithe agus ní mór 80 % ar a laghad díobh ar aon fheirm ar leith teacht as na cineálacha “Frantoio”, “Correggiolo”, “Moraiolo” agus “Leccio del Corno”, ina n-aonar nó le chéile, agus is féidir 20 % de na hológa ar a mhéad teacht as cineálacha áitiúla eile, agus ní mór na cineálacha sin a bheith cláraithe sa chlár maidir le geirmphlasma ológ na Tuscáine i gcónaí.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach sainithe*

Na céimeanna uile a bhaineann leis an bpróiseas táirgeachta, le saothrú, le fómhar agus le húscaadh ola, ní mór dóibh tarlú laistigh den limistéar táirgthe geografach amháin dá dtagraítear i bpointe 4.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is féidir ola olóige “Chianti Classico” a phacáistiú suas leis an 31 Eanáir den dara bliain a thagann i ndiaidh na bliana táirgthe. Ní mór an bhliain táirgthe a mharcáil go soiléir ar an lipéad i gcónaí.

Ní mór ola olóige úrion “Chianti Classico” a phacáistiú sa limistéar táirgthe dá dtagraítear in Airteagal 4 i gcoimeádáin arna ndéanamh as na hábhair agus atá ar na méideanna a cheadaítear go dlíthiúil. Ní mór an pacáistiú a dhúnadh i gcomhréir leis an dlí agus ní mór séala ráthaíochta a léiriú air. Maidir le coimeádáin ag a bhfuil acmhainneacht níos lú ná 100 ml, féadfar an acmhainneacht a fhágáil ar lár.

Ní mór ola olóige úrion “Chianti Classico” a phacáistiú sa limistéar táirgthe geografach chun cruthúnas ar thionscnamh an táirge a ráthú ar bhealach níos fearr agus chun meath agus caillteanas shaintréithe sonracha an táirge a sheachaint, mar a shainmhínítear in 3.2 thuas, i gcás ina ndéantar an ola a iompar ar an mórchóir, go háirithe an dea-bholadh searbh agus láidir arb iondúil a bhíonn ar ola olóige úrion “Chianti Classico”, a thagann as an gcion frithoicsaídeoirí feanóile agus as próifíl na substaintí aramatacha. Neamhchosaint ar ocsaigin san aer agus an ola á haistriú, á pumpáil, á hiompar agus á dílódáil – oibriochtaí a dhéantar ar bhonn níos minice má dhéantar an buidéalú lasmuigh den limistéar táirgthe – d’fhéadfadh ola olóige úrion “Chianti Classico” na saintréithe sonracha a shainmhínítear i bpointe 3.2 thuas a chailleadh mar gheall ar na nithe sin.

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

“Anuas ar na sonraí a cheanglaítear de ghnáth faoin dlí atá i bhfeidhm faoi láthair, ní mór na focail ‘Olio Extravergine di Oliva Chianti Classico’ [ola úrion Oliva Chianti Classico] agus na focail ‘Denominazione di Origine Protetta’ [Sonrúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint] nó an t-acrainm DOP [STFC] a bheith le feiceáil ar an lipéadú ar na coimeádáin agus ní mór an bhliain táirgthe a léiriú i gcarachtair doscrista air.

Toirmistear aon ráiteas adhmholta nach ndéantar foráil ina leith go sainráite sa tsonraíocht táirge seo a chur leis an sonrúchán. Mar sin féin, marcanna lena gcuirtear in iúl grúpaí táirgeoirí, ainmneacha gabháltas, eastát nó feirmeacha agus logainmneacha lena ndéantar tagairt d’áiteanna inar saothraíodh na hológa iarbhair, féadfar iad sin a áireamh.

Ní mór an tsonraíocht a léiriú ar an lipéad i litreacha soiléire, doscrista a bhfuil dath orthu atá gléineach go leor chun bheith i gcodarsnacht ghéar leis an dath atá ar an lipéad. Ní fhéadfaidh na carachtair ghrafacha in aon fhocláíocht bhreise a bheith níos mó ná 50 % de mhéid na gcarachtar a úsáidtear le haghaidh na sonraíochta.”

4. **SAINMHÍNIÚ ACHOMAIR AR AN LIMISTÉAR GEOGRAFACH**

Tá an limistéar táirgthe ina dtáirgtear ola “Chianti Classico” comhdhéanta de chríoch riaracháin na mbardas a leanas, i gCúigí Siena agus Fhlórans: Castellina in Chianti ina iomláine, Gaiole in Chianti, Greve in Chianti agus Radda in Chianti, agus codanna de Barberino-Tavarnelle, Castelnuovo Berardenga, Poggibonsi agus San Casciano i Val di Pesa.

Is é an limistéar céanna leis an limistéar táirgthe le haghaidh fíon “Chianti Classico” a leagtar amach i bhForaithne Idiraireachta an 31 Iúil 1932, arna fhoilsiú in GURI (Iris Stát na hIodáile) Uimh. 209 an 9 Meán Fómhair 1932.

5. **NASC LEIS AN LIMISTÉAR GEOGRAFACH**

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Baineann saintréithe aeráide agus hidreolaíocha sonracha le limistéar táirgthe “Chianti Classico” agus tá sé dea-leagtha amach ón 14ú céad i leith.

Tá an limistéar táirgthe cuibheasach aonfhoirmeach ó thaobh an talaimh agus na haeráide; tagann geimhrí crua i ndiaidh fómhair a bhíonn éadrom agus tirim ar an meán. Tá an timpeallacht ina hiomláine de chineál gur féidir crainn ológ a shaothrú ag teorainn a limistéir fáis nádúrtha, rud a ndearna difear do phróiseas táirgthe agus do phróiseas aibithe na n-ológ agus, go deimhin, a leanann de dhifear a dhéanamh do na próisis sin.

De réir na dteicnící saothraithe a úsáideadh sa limistéar seo i gcónaí, déantar na hológa a lománú go díreach ón gcrann sula bhfuil siad go hiomlán abái.

Chomh maith leis sin, braitheann cruth na gcrann (arb iondúil iad a bheith ag an mbarr) ar na dálaí teirmeacha a ghlacann na saothróirí áitiúla, rud a chuireann le fás na corónach sa chaoi go bhféadfar solas agus teas a dháileadh ar bhealach níos fearr sa choróin, rud a chuireann le forbairt na gcrann le linn thréimhsí gairide na bliana.

Sainiúlacht an táirge

Déantar ola olóige úrion “Chianti Classico” as cineálacha a shaothraítear go traidisiúnta sa Tuscáin agus aithnítear é mar gheall ar a phróifíl chéadfach, mar thoradh ar an mblas searbh agus láidir atá air go príomha, le dea-bholaithe torthaíocha.

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (maidir le STFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá aige (maidir le TGFC)

Na saintréithe ceimiceacha agus orgánaileipteacha a bhaineann le hola olóige úrion STFC “Chianti Classico”, baineann siad le haeráid an limistéir táirgthe a bhfuil tionchar díreach aici ar cháilíocht agus ar chainníocht na bhfeanól, ar an leibhéal searbhais agus láidreachta sa bhlas agus ar leibhéal an bhlaís thorthaíoch.

I bhfianaise an gá leis na hológa a chosaint ar an gcéad sioc le linn an fhómhair, déantar iad a lománú go luath (i.e. sula bhfuil siad go hiomlán aibí). Fiú má fhágtar go bhfuil cainníocht ola níos ísle ann mar gheall air sin, is féidir na hológa a lománú nuair atá an cion ard polaifeanól fós iontu, lenar féidir an blas searbh agus láidir arb iondúil a bhíonn ar ola “Chianti Classico” a neartú. Thairis sin, a bhuí leis na héagsúlachtaí móra i ngnáth-theocht an limistéir seo san fhómhar, aithnítear ola olóige úrion “Chianti Classico” mar gheall ar dhea-bholadh an-torthaíoch freisin.

Tugadh aithint níos beaichte don limistéar le forógra arna eisiúint ag an Diúc Cosimo III in 1716 lenar leagadh amach a theorainneacha atá ann faoi láthair mar aitheantas ar na buanna agus ar na saintréithe uathúla a bhaineann leis an bhfíon agus leis an táirgeadh ológ ann: ba chineál STFC é i bhfad sular cruthaíodh an téarma sin. Rinneadh na príomhchineálacha a saothraíodh i réigiún Chianti Classico a liostú i dtráchtas teoiriciúil agus praiticiúil iomlán maidir le hológa arna scríobh ag G. Travanti in 1819.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

Tá téacs iomlán na Sonraíochta Táirge le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: <http://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/3335>

Nó, de rogha air sin:

trí dhul go díreach chuig leathanach baile don bheartas ón Aireacht um Thalmhaíocht, Bia agus Foraoiseacht (www.politicheagricole.it) agus cliceáil ar “Qualità” (ar thaobh na láimhe deise ar bharr an scáileáin), agus ansin ar “Prodotti DOP IGP STG” (ar thaobh na láimhe clé den scáileán) agus ar deireadh ar “Disciplinari di Produzione all’esame dell’UE”.

**Foilsíú an doiciméid aonair leasaithe tar éis mionleasú a fhorghas de bhun an dara fomhír
d’Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012**

(2022/C 234/09)

Tá an mionleasú sin formheasta ag an gCoimisiún Eorpach i gcomhréir leis an tríú fomhír d’Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmlichte (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

Is féidir an t-iarratas ar fhorghas an mhionleasaithe seo a fheiceáil i mbunachar sonraí e Ambrosia de chuid an Choimisiúin.

DOICIMÉAD AONAIR

“Farina di Neccio della Garfagnana”

Uimh AE: PDO-IT-0196-AM01 – 12.1.2022

STFC (x) TGFC ()

1. Ainm

“Farina di Neccio della Garfagnana”

2. Ballstát nó tríú tír

An Iodáil

3. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an táirge bia

3.1. Cineál táirge

Aicme 1.6 – Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte.

3.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)

Ní úsáidtear an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Farina di Neccio della Garfagnana” ach le haghaidh plúr milis ó chnónna capaill a fhaightear ó chrainn cnó capaill (*Castanea sativa* Mill.) de na cineálacha a shainmhínítear i bpointe 3.3 thíos, a bhfuil a saintréithe le leagan ar thosca nádúrtha agus ar ghníomhaíocht an duine.

Sula gcuirfear STFC “Farina di Neccio della Garfagnana” ar an margadh, ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith aige:

- méid gráin: mín faoin láimh agus blas mín air;
- cion taisligh uasta: 13 %;
- dath: féadfaidh sé a bheith idir bán agus dath an eabhair dhorchá;
- blas: milis lena ngabhann iarbhlais atá séimh ach beagáinín searbh;
- dea-bholadh: cnónna capaill.

3.3. Beatha (i gcás táirgí de bhunadh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)

Déantar an plúr as cnónna de na cineálacha seo a leanas ón limistéar dá dtagraítear i bpointe 4 den doiciméad seo: Carpinese, Pontecosi, Mazzangaia, Pelorosa, Rossola, Verdola, Nerona agus Capannaccia, chomh maith leis na cineálacha cnónna capaill ó na limistéir tionscnaimh chéanna dá dtagraítear i bpointe 4 den doiciméad seo, ach le hainmneacha áitiúla amháin.

3.4. Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a thabhairt sa limistéar geografach sainithe

—

3.5. Sainrialacha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe

⁽¹⁾ IO L 179, 19.6.2014, lch. 17.

Gach céim den táirgeadh, lena n-áirítear na cnónna capaill a shábháil sa gharraí agus iad a thriomú, an plúr a mhuilleáil agus a ullmhú lena ithe, ní mór é a dhéanamh sa limistéar geografach a shainítear i bpointe 4 thíos.

3.6. *Sainrialacha i leith lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ón 1 Nollaig ar aghaidh, déantar STFC “Farina di Neccio della Garfagnana” a mhargú i málaí séalaithe a dhéantar as ábhar de ghrád bia i gcomhréir leis na dlíthe atá i bhfeidhm, in-athchúrsáilte nó inmhúirínithe, a bhfuil bun cearnaithe orthu, atá ilsrathach, agus ciseal páipéir seachtrach orthu a bhfuil dath Pantone 4026 C air.

Is é 500 g agus 1 kg toilleadh na málaí, cé go n-úsáidtear málaí móra le haghaidh plúir nach bhfuil beartaithe a dhíol leis an bpobal i gcoitinne.

I dteannta na faisnéise sainordaithí a cheanglaítear leis an reachtaíocht maidir le lipéadú agus cur i láthair earraí bia, ní mór do gach aonad pacáistíochta na nithe seo a leanas a thaispeáint:

- lógó an tsonrúcháin, agus díreach ina dhiaidh sin, an fhoclaíocht “Denominazione Origine Protetta” nó an t-acrainm D.O.P. agus siombail STFC an Aontais Eorpaigh sa réimse radhairc céanna;
- ainm agus seoladh an phacáisteora.

Níor cheart an t-ainm STFC “Farina di Neccio della Garfagnana” a fhorlíonadh le haon aidiacht cháilitheach a thagraíonn dó, fiú má tá sé scartha go grafach.

Gan dochar don toirmeasc a leagtar amach sa mhír roimhe seo, ceadáitear tuairiscí faisnéiseacha amhail: “triomú mall”, “clochmhuilleáilte” nó “muileann uisce”;

- ceadáitear tagairtí d’ainmneacha cuideachta nó do thrádmharcanna príobháideacha, fad agus nach gcuireann siad an tomhaltóir ar míthreoir.

Lógó:



4. **Sainiú gonta ar an limistéar geografach**

Tá na bardais seo a leanas i gcúige Lucca sa limistéar geografach ina dtáirgtear “Farina di Neccio della Garfagnana”: Castelnuovo di Garfagnana; Castiglione Garfagnana; Pieve Fosciana; San Romano di Garfagnana; Sillano Giucugnano; Piazza al Serchio; Minucciano; Camporgiano; Careggine; Fosciandora; Molazzana; Vagli; Villa Collemantina; Galliciano; Borgo a Mozzano; Barga; Coreglia Antelminelli; Bagni di Lucca; Fabbriche di Vergemoli.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Gan trácht ar láithreach an daonra dhaonna agus diansaothrú an chrainn cnó capaill, is féidir cruthúnas ar nasc leis an limistéar a fháil i gcineál an chrainn féin mar speiceas foraoise.

Tríd is tríd, ní fhásann crainn cnó capaill ach i limistéir ina bhfuil ithir fhabhrach agus dálaí aeráide fabhracha. Is deacair crainn cnó capaill a thabhairt isteach i limistéir nua mura bhfásann siad ann i bhfiáin, fiú nuair a bhíonn dálaí na hithreach agus na haeráide cosúil leis na dálaí sna limistéir tionscnaimh.

Maidir le cúige Lucca agus Garfagnana go háirithe, cuirtear i dtábhacht le go leor doiciméad tionchar dearfach eacnamaíoch agus cothaithe na gcrann cnó capaill agus a gcuid torthaí ar dhaonraí áitiúla leis na cianta. Dá bhrí sin, tá dlúthnasc leis an gcrann forbartha ag daoine chun an leas is mó is féidir a bhaint as a chuid táirgí.

5.2. Sainiúlacht an táirge

Déantar STFC “Farina di Neccio della Garfagnana” as cineálacha cnónna capaill a mheastar a bheith róbheag do mhargadh na dtorthaí agus na nglasraí úra ach a bheith an-mhilis. Bíonn tionchar aige sin ar bhlas cnó capaill an táirge, atá milis le hiarbhlas atá séimh ach beagáinín searbh mar gheall ar an bpróiseas traidisiúnta triomaithe mhaill lena n-úsáidtear tine i dtriomadóirí tipiciúla “metati” atá suite sna garraithe ina bhfuil crainn cnó capaill. Baineann an dea-cháil leis an méid gráin mín a fhaightear trí chlochmhuilleáil a dhéantar go mall chun nach n-éireoidh an plúr róthe agus nach millfear é.

5.3. Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó tréithe an táirge (i gcás STFC) nó cáilíocht shonrach, cáil nó saintréith eile an táirge (i gcás TGFC)

Ag féachaint do phlúr cnó capaill amháin, “Farina di Neccio della Garfagnana” sa chás seo, ba cheart a chur in iúl go raibh ar dhaoine le fada an lá foirgnimh bheaga a thógáil chun oibríochtaí próiseála a éascú, de dhroim na próiseála a éilítear leis an táirge. Dá bhrí sin, tá go leor struchtúr (“metati”) sa limistéar a úsáidtear chun na cnónna capaill a thriomú, agus chun iad a mhuilleáil. Meastar go raibh thart ar 5000 “metati” sa limistéar sainithe in 1950 agus go raibh thart ar 245 mhuileann ann in 1800.

Tá gnéithe ailtireachta agus struchtúrtha na bhfoirgneamh sin den chineál a fhágann go ndéanann an tsonraíocht táirge agus na rialacháin tógála bardasacha araon foráil dá gcaomhnú mar léirithe ar an gcultúr áitiúil agus mar chruthúnas ar an nasc leis an gcomhshaol.

Gné thábhachtach eile is ea a mhéid a bhfuil tionchar ag plúr cnó capaill ar bhia na háite. I measc na mias tipiciúil, tá poileanta plúir cnó capaill, “manafregoli” (plúr cnó capaill a réitítear le bainne), “castagnaccio” (cineál aráin leathan bÁCáilte a dhéantar as plúr cnó cócó, ola olóige, gallchnónna agus cnónna péine) agus rud a d’fhéadfaí a shainmhíniú mar arán limistéar Garfagnana, ar a dtugtar “neccio” agus a dhéantar as plúr, uisce agus salann.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

Tá fáil ar théacs comhdhlúite na sonraíochta táirge ar an suíomh gréasáin seo a leanas: <http://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/3335>

Nó, tá fáil air freisin, de rogha air sin:

ar leathanach baile na hAireachta Talmhaíochta, Bia agus Beartais Foraoiseachta (www.politicheagricole.it) ach cliceáil ar “Qualità” (ar an taobh deas ag barr an scáileáin), agus ansin ar “Prodotti DOP IGP STG” (ar an taobh clé den scáileán) agus, ar deireadh, ar “Disciplinari di Produzione all’esame dell’UE”.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)